*Uimhir* 25 *de* 2002

# Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 25 *de* 2002

**ACHT AN AONTAIS EORPAIGH (GRINNSCRÚDÚ), 2002**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.

2. Grinnscrúdú ag Tithe an Oireachtais ar bhearta.

3. Bearta díolmhaithe.

4. Leasú ar Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

5. Tuarascáil Bhliantúil do Thithe an Oireachtais.

6. Gearrtheideal agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 | 1972, Uimh. 27 |
| Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2001 | |

*Uimhir* 25 *de* 2002

**ACHT AN AONTAIS EORPAIGH (GRINNSCRÚDÚ), 2002**

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE GRINNSCRÚDÚ AG TITHE AN OIREACHTAIS AR BHEARTA BEARTAITHE ÁIRITHE, DO LEASÚ ACHT NA gCOMHPHOBAL EORPACH, 1972, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [23 *Deireadh Fómhair* 2002]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Léiriú.

tá le "Comhphobail Eorpacha" an bhrí a shanntar dó le hAcht na gComhphobal Eorpach, 1972;

ciallaíonn "beart"—

(*a*) rialachán arna ghlacadh nó treoir arna glacadh faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;

(*b*) gníomhaíocht chomhpháirteach arna glacadh faoi Airteagal 14 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

(*c*) comhsheasamh arna ghlacadh faoi Airteagal 15 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

(*d*) beart nach foláir ceadú a fháil roimh ré ina leith ó dhá Theach an Oireachtais de bhun Airteagal 29.4.6° den Bhunreacht is beart nach luaitear ar shlí eile sa mhíniú seo;

ciallaíonn "Aire", i ndáil le beart, an tAire den Rialtas a chomhlíonann feidhmeanna i ndáil leis an mbeart nó, má tá níos mó ná Aire amháin den sórt sin den Rialtas ann, cibé duine díobh ar a gcomhaontóidh siad.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt is tagairt í d'alt den Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt nó do mhír is tagairt í d'fho-alt nó do mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(*c*) déanfar aon tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán nó faoi aon achtachán ina dhiaidh sin.

Grinnscrúdú ag Tithe an Oireachtais ar bhearta.

**2.**—(1) A luaithe is indéanta tar éis do Choimisiún na gComhphobal Eorpach beart beartaithe a thíolacadh nó, de réir mar a bheidh, tar éis do Bhallstát beart beartaithe a thionscnamh, cuirfidh an tAire faoi deara cóip den téacs lena mbaineann a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas mar aon le ráiteas ón Aire ina leagfar amach an t-ábhar atá sa bheart beartaithe, an cuspóir atá leis agus na himpleachtaí dóchúla a ghabhann leis d'Éirinn agus ina n-áireofar cibé faisnéis eile is cuí leis nó léi.

(2) Beidh aird ag an Aire ar aon mholtaí a dhéanfaidh ceachtar Teach den Oireachtas nó an dá Theach nó coiste de cheachtar Teach acu sin nó díobh araon chuige nó chuici ó am go ham i ndáil le beart beartaithe.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (1)* agus *(2)*, más rud é, i dtuairim an Aire, nach bhfuil dóthain ama ann chun na nósanna imeachta réamhráite a chur i gcrích agus chun feidhmeanna Thithe an Oireachtais a chomhlíonadh i ndáil leis an téacs réamhráite.

(4) Más rud é, de bhun *fho-alt (3)*, nach mbeidh téacs de bheart beartaithe leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus go nglacfaidh institiúid de chuid na gComhphobal Eorpach an beart lena mbaineann, cuirfidh an tAire faoi deara cóip de théacs an bhirt a leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais mar aon le ráiteas ina leagfar amach na himpleachtaí a ghabhann leis an mbeart d'Éirinn agus na himthosca inar glacadh é agus ina n-áireofar cibé faisnéis eile is cuí leis nó léi.

(5) Déanfaidh gach Aire den Rialtas tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas dhá uair ar a laghad in aghaidh na bliana i ndáil le bearta, bearta beartaithe agus imeachtaí eile i ndáil leis na Comhphobail Eorpacha agus leis an Aontas Eorpach a ndéanann sé nó sí feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil leo.

Bearta díolmhaithe.

**3.**—(1) Ní bheidh feidhm ag *fo-ailt (1)* ná *(2) d'alt 2* maidir le beart beartaithe ar beart é atá faoi rún, i dtuairim an Aire.

(2) Más rud é, de bhua *fho-alt (1)*, nach mbeidh feidhm ag *fo-ailt (1)* ná *(2) d'alt (2)* maidir le beart beartaithe, féadfaidh an tAire tuarascáil a thabhairt do cheachtar Teach den Oireachtas nó dóibh araon nó do choiste de cheachtar Teach acu sin nó díobh araon i ndáil leis an mbeart beartaithe de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is cuí sna himthosca.

Leasú ar Acht na gComhphobal Eorpach, 1972.

**4.**—Leasaítear, leis seo, Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 5:

> "5.—Déanfaidh an Rialtas, gach bliain, ag tosú leis an mbliain 2003, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas ar imeachtaí sna Comhphobail Eorpacha agus san Aontas Eorpach.".

Tuarascáil Bhliantúil do Thithe an Oireachtais.

**5.**—Déanfaidh an Comhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha, gach bliain, ag tosú leis an mbliain 2003, tuarascáil a thabhairt do gach Teach den Oireachtas ar oibriú an Achta seo sa bhliain roimhe sin.

**6.**—(1) Féadfar Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002, a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal agus comhlua.

(2) Féadfar Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2002, a ghairm d'Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 2001, agus *d'alt 4* le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 6/23. MM Packaging. (95078). Gr.30-15.

9 781399 305082